EURO-QUEST
AN CLÁR AMBASADÓRA

Acmhainní do Euroguidance | Euroguidance Resources

Rinneadh **Euro-Quest** a oscailt go foirmiúil i mí an Mhárta 2020. Idir seo agus siúd, tá breis is 1100 mac léinn tar éis páirt a ghlacadh sa chúrsa, agus táimid thar a bheith sásta leis an aiseolas dearfach atá faighte againn go dtí seo! Anois, más rud é go bhfuiltear ag luí isteach ar chúrsaí, tá **Euroguidance Ireland** ag tabhairt an deis do scoileanna a bheith aitheanta mar **'Scoileanna Ambasadóra Euro-quest!'**

Táimid ag iarraidh ar scoileanna aird a tharraingt ar na deiseanna chun staidéir thar lear i dtíortha ar fud na hEorpa atá ar fáil do mhic léinn Éireannacha, chun píosa a fhoghlaim faoi chultúr agus luachanna na hEorpa, agus chun an cumas a thabhairt do mhic léinn scileanna taighde agus bainistíochta gairme luachmhara a fhorbairt ag an am céanna!

Soláthraíonn an clár seo creat do scoileanna chun an feasacht a mhúscailt faoi luach na soghluaisteachta, agus dreasacht leis sin, idir dhaltaí na hidirbhliana agus do phobal na scoile ar fad. Go hidéalach, beidh Comhairleoir Treorach i gceannas ar an gclár, i gcomhar lena chuid comhghleacaithe.

Tar éis don scoil an clár a chríochnú, mar aitheantas as an iarracht a bhí déanta agus as páirt a ghlacadh ann, gheobhaidh siad:

- **Teastas Scoile** chun a dtiomantas i leith chur chun cinn an oideachais shoghluaisteachta a thaispeáint.
- cuireadh chun freastal ag an imeacht cheiliúrtha oifigiúil i bhFómhar 2021

Is clár faoi stiúir na scoile an clár seo agus is áirítear leis 3 x tasc atá liostaithe ar na leathanaigh a thagann ina dhiaidh seo a chríochnú. Cé go bhfuil na 2 x tasc tosaigh socraithe, níl an méid a dhéanann tú le haghaidh an tasc roghnach deiridh forordaitheach agus is fútsa féin cad a dhéanann tú leis go huile is go hiomlán! Is féidir leis na daltaí na smaointe a oiriúnú sa bhaile, mar shampla.

Níl le déanamh agat chun tús a chur leis, idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Márta 2021, ach CLÁRÚ dó ag
https://euroguidance.ie/EQ/Ambassador-Programme-REGISTRATION

Then start your 3 tasks!

Is é an 1 Bealtaine 2021 an DÁTA DEIREANACH do na hIARRATAÍ DEIREANACHA

Tá an nasc le haghaidh na haighneachtaí iontrála ar an leathanach deireanach den cháipéis seo.

Más mian leat tuilleadh a fháil amach faoin deis seo don scoil nó má theastaíonn aon tacaíocht uait i rith na bliana, déan teagmháil le euroguidance@ncge.ie

Tá Tascanna 1 agus 2 araon éigeantach. Is féidir leis an scoil roghnú as raon gníomhaíochtaí a bheidh ar siúl i rith na bliana chun an tasc deiridh a dhéanamh agus stádas 'Ambasadóra' a bhaint amach.

TASC ÉIGEANTACH 1:

Críochnaigh na modúil Euro-Quest

Iarrtar ar scoileanna a DHEARBHÚ go bhfuil clár Euro-Quest críochnaithe ag cohórt de na daltaí sa scoil.

Féach https://euroguidance.ie/euro-quest le haghaidh tuilleadh eolais agus chun clárú leis.

TASC ÉIGEANTACH 2:

Cruthaigh próifíl Europass

https://europa.eu/europass/en

Iarrtar ar na scoileanna cuireadh a thabhairt do na daltaí a bpróifíl leis an Europass NUA a chruthú ach na codanna ag seo a leanas a chomhlánú, le cabhair óna dtreoirchomhairleoir:



- Mo phróifíl
  (agus grianghraf / abhatár cartúin san áireamh leis chomh maith le faisnéis bhunúsach phearsanta a chur leis - seoladh r-phost scoile amháin)
- An taithí oibre
- An t-oideachas agus an oiliúint
- Scileanna teanga
- Scileanna Digiteacha
- Mo scileanna
- Cruthaigh CV
  (is féidir é seo a chruthú agus a shábháil ar an láithreán, nó is féidir ceann atá uasdátaithe a chur leis)
- Litir chlúdaigh
  (is féidir é seo a úsáid chun an taithí oibre/post páirtaimseartha/ iarratas ar chlár Idirbhliana srl. a chur in iúl)

Is féidir le scoileanna a thaispeáint go ndearnadh é seo trí sheat scáileáin

Roghnaigh aon tasc AMHÁIN de na gníomhaíochtaí ag seo a leanas don tasc

Task 3 - ROGHA A

Béim ar an soghluaisteacht - smaointe SAMPLACHA

- Iarraidh ar aoichainteoir a bhfuil staidéar déanta aige thar lear (m.sh. iar-mhac léinn a rinne Erasmus+, múinteoir, aon duine as an gceantar áitiúil, ambasadóir de chuid Eurodesk srl.) caint a thabhairt faoina aistear gairme go dtí seo, faoina taithí ag foghlaim thar lear agus faoin tslí a bhfuil tionchar aige ar a saol go dtí seo. D'fhéadfaí an ghníomhaíocht seo a dhéanamh mar chuid de Sheachtain Feasachta ar an gColáiste, mar shampla. Féach - https://euroguidance.ie/resource/share-your-journey - chun ceisteanna samplacha a d'fhéadfar tabhairt a fheiceáil.
- Iarraidh ar **aoichainteoir** ó Ollscoil / solátróir PLC sa cheantar áitiúil labhairt le grúpa daltaí faoi na deiseanna Erasmus atá ar fáil ina n-institiúid féin.
- Déan **Lá Erasmus** a cheiliúradh i do scoil féin Féach - https://euroguidance.ie/resource/celebrate-europe-promote-mobility - for ideas
- Déan **'Balla Soghluaisteachta'** - cuir san áireamh ann rudaí ar fhoghlaimíodh ó Euro-Quest faoi stair an AE, bratacha na dtíortha, ceol agus luachanna an AE, fíricí faoin staidéar thar lear, faisnéis faoi na cláir éagsúla (Erasmus + srl.) agus faoi eagraíochtaí tacaíochta, mar shampla.

Is féidir leis na scoileanna a léiriú go ndearnadh é seo trí íomhánna / físeáin d'aon ghníomhaíocht amháin nó níos mó sa chatagóir seo a thaispeáint.

Tasc 3 - ROGHADH B

Cur leis an feasacht atá ar theangacha - Smaointe SAMPLACHA

Is féidir leis na scoileanna aon ghníomhaíocht amháin a dhéanamh a chuireann teangacha chun cinn i bpobal na scoile, mar shampla:

- Le cabhair ón treoirchomhairleoir agus ón múinteoir MFL, déan do Phróifíl Europass a aistriú go sprioctheanga eile agus cuir isteach ar an gcomórtas atá againn i gcomhpháirt leis an PPLI, **ag cur isteach ar phost mar ateangaire san AE!** (Tá Europass ar fáil i 27 dteanga!). Féach - https://euroguidance.ie/resource/careers-languages-competition
- Cuir tús le tionscadal **'Cad is féidir a bhaint amach leis an ábhar seo?'** chun scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí gairme a bhaineann leis na teangacha. Déan do thorthaí a roinnt le ranganna agus le bliainghrúpaí eile.
- Déan **Lá Eorpach na dTeangacha** (EDL) a chéiliúradh ar an 26 Meán Fómhair, nó freastal ar **imeacht de chuid #Thinklanguages** an PPLI (i mí na Nollag). Féach - https://edl.ecml.at/ and https://ppli.ie/events-calendar/ le haghaidh sonraí.
- Eagraigh **ciorcal cómhra** ag am lóin, bricfeasta ar théama na Fraince, nó imeacht tapas ar théama na Spáinne srl.
- Tionóil imeacht cosúil le **'speed dating'** le rang eile, agus athrú ábhair go rialta, sa sprioctheanga chun do theangacha a chleachtadh ar bhealach lán spraoi!
- Cuir tús le tionscadal r-nasctha le mic léinn in aon ábhar ó thír éagsúil eile. Féach - https://www.leargas.ie/programmes/etwinning/ - chun sonraí faoi a fháil.
- Socraigh **'dúshlán Duolingo'** díobh féin mar rang. Sínígí go léir suas leis an aip agus féach an oiread is gur féidir libh an teanga atá sibh ag staidéar faoi láthair a fheabhsú nó fiú teanga nua a fhoghlaim laistigh d'aon mhí amháin! Féach - https://www.duolingo.com/ - chun teacht ar thuilleadh eolais faoi.

  Faigh amach an bhfuil feabhas tagtha ort trí na focail nua atá foghlamtha agat a thaifeadadh nó do leibhéal a mhapáil ar an eangach CEFR.
- Déan **suirbhé** chun fáil amach an líon teangacha atá á labhairt i bpobal na scoile! Seans go mbainfear siar thú mar gheall ar an líon sin!

Is féidir leis na scoileanna a léiriú go ndearnadh é seo trí íomhánna / físeáin d'aon ghníomhaíocht amháin nó níos mó sa chatagóir seo a thaispeáint.

Tasc 3 - ROGHA C.

Ceiliúradh a dhéanamh ar an gcultúr! - Smaointe SAMPLACHA

- Iarr ar ghrúpaí mac léinn **taighde a dhéanamh ar fhíorais agus cur i láthair a dhéanamh ar chultúir éagsúla** ó gach cearn den Eoraip! Bain úsáid as https://ec.europa.eu/education/study-in-europe/country-profiles_en chun cuidiú leat tús a chur leis.
- Cuir **'Lá Ceiliúrtha ar an gCultúr'** ar siúl. Déan doirse na seomraí ranga a mhaisiú chun na náisiúntachtaí / cultúir / teangacha éagsúla atá le fáil nó a labhraítear i do rang / scoil a léiriú.
- **Déan bia traidisiúnta a chócaráil / a bhácáil** a léiríonn cultúir / náisiúntachtaí atá speisialta ar bhealach éigin do dhaoine sa rang - tabhair cuireadh do dhaoine bhlaiseadh a thógáil de.
- Déan leabhar oideas a chur le chéile ar féidir le daoine é thabhairt abhaile!
- Foghlaim conas damhsa traidisiúnta ó cheantair éagsúla san Eoraip agus ar domhan fiú!

Is féidir leis na scoileanna a léiriú go ndearnadh é seo trí íomhánna / físeáin d'aon ghníomhaíocht amháin nó níos mó sa chatagóir seo a thaispeáint.

Nuair atá an fhianaise ar gach cheann de na tascanna críochnaithe curtha le chéile agat, clárú leis an fhoirm: **https://euroguidance.ie/EQ/Ambassador-Programme-ENTRIES**